Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Deireadh Fómhair 2022
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0306(COD)**

13325/22
ADD 1

CODEC 1453
UD 210
ENFOCUSTOM 133
COMER 117
ECOFIN 980
TRANS 625
IA 151
MI 723

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | DRÉACHTRIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear Timpeallacht an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráiteas |

**Ráiteas ón gCoimisiún**

Is oth leis an gCoimisiún nár choinnigh na comhreachtóirí na dátaí bunaidh dá bhforáiltear sa togra le haghaidh na malartuithe ó Rialtas go Rialtas, agus, mar thoradh air sin, go laghdófar cumas an Aontais a ghealltanais faoin gComhaontú Glas a chomhlíonadh maidir le substaintí ídithe ózóin a bhainistiú agus le gáis ceaptha teasa fhluairínithe a riar agus a laghdú chun astaíochtaí a bhaineann leis an aeráid a chosc. I bhfianaise an tionchair shuntasaigh ar chustam mar gheall ar na mórimeachtaí atá ag titim amach faoi láthair agus na mórimeachtaí a thit amach roimhe seo, áfach, tuigeann an Coimisiún go bhfuil brú ollmhór ar na Ballstáit. San am céanna, aithníonn an Coimisiún go bhfuil roinnt Ballstát idirnasctha le Córas Malartaithe Deimhnithe an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam (CSW-CERTEX AE) cheana féin agus gur iarr roinnt díobh go ndéanfaí iad a idirnascadh roimh 2025. Dá bhrí sin, d'ainneoin na sprioc-amanna a liostaítear san Iarscríbhinn, molann an Choimisiún go láidir do gach Ballstát gach beart is gá don idirnascadh a dhéanamh a luaithe agus is féidir.